Meabhairghalair

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar scéal dóchais faoi thogra nua i gCorcaigh. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal/ na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. togra nua sláinte _____
2. comharthaí sóirt _____
3. dian _____
4. néaltrú _____
5. cúram lánaimseartha _____
6. de dhíth _____
7. tréimhse scanrúil _____
8. tacú le _____
9. ceardlanna traenála _____
10. straitéis náisiúnta néaltraithe _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus tabhair achoimre ghearr don duine in aice leat faoi ábhar na míre.

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus freagair an cheist:

Cén fáth ar luadh na daoine seo a leanas?

Anne O'Connell
An Dochtúir Tony Foley
Kathleen Crowley
Sheile O'Rourke

Ceist 4 '…ar chomharthaí sóirt…' ACH '…ar bun…'

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus mínígí cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'comharthaí' ach nach bhfuil ar 'bun'?

2. Anois déanaigí iarracht na cinn seo a dhéanamh:

ar (ball) _____
ar (tábla) _____
ar (madra) _____
ar (mire) _____
ar (Pól) _____
ar (cíos) _____
ar (meisce) _____
ar (siúl) _____
ar (teach) _____

Ceist 5 '…béim mhór…' ACH '…gá mór…'

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht tar éis 'béim', agus nach bhfuil tar éis 'gá'?
2. Cad faoi na cinn thíos?

- galar (tromchúiseach): _____
- togra (mór): _____
- teaghlach (beag): _____
- tréimhse (deacair): _____
- foireann (clúiteach): _____
- othar (tinn): _____
- ionad (geal): _____
- ceardlann (suimiúil): _____
- altra (gairmiúil): _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil sé deacair bheith i do chónaí le duine a bhfuil an galar néaltrú air, dar leat?
2. An gceapann tú go bhfuil níos mó daoine le néaltrú orthu anois ná mar a bhí fadó? Cén fáth?
3. Cén fáth a bhfuil togra, ar nós an chinn a luadh sa mhír, ina chuidiú dóibh siúd atá ina gcónaí le duine a bhfuil néaltrú air?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. togra nua sláinte	*new health proposal*
2. comharthaí sóirt	*characteristic traits*
3. dian	*severe*
4. néaltrú	*dementia*
5. cúram lánaimseartha	*full-time care*
6. de dhíth	*needed*
7. tréimhse scanrúil	*terrifying period*
8. tacú le	*supporting*
9. ceardlanna traenála	*training workshops*
10. straitéis náisiúnta néaltraithe	*national dementia strategy*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- ✓ Leanann séimhiú ***ar*** nuair atá ionad áirithe i gceist:
  ar Chathal, ar bhord
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair a chuirtear staid nó coinníoll in iúl:
  ar buile, ar crith, ar díol, ar ceal
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair a bhíonn suíomh ginearálta i gceist:
  ar barr, ar deireadh, ar muir, ar tír, ar tosach
- ✓ Ní leanann séimhiú ***ar*** nuair a bhíonn am i gceist:
  ar ball, ar maidin

(1) ar ball
(2) ar thábla
(3) ar mhadra
(4) ar mire
(5) ar Phól
(6) ar cíos
(7) ar meisce
(8) ar siúl
(9) ar theach

Ceist 5

1. Cuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis ainmfhocal baininscneach. Ní chuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis ainmfhocal firinscneach.
2. galar tromchúiseach
   togra mór
   teaghlach beag
   tréimhse dheacair
   foireann chlúiteach
   othar tinn
   ionad geal
   ceardlann shuimiúil
   altra gairmiúil

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Seoladh togra nua sláinte i gCorcaigh inniu a chabhróidh le lucht leighis tacú le daoine a bhfuil an galar Alzheimer agus galair cosúil leis orthu. Cuirtear béim mhór sa togra ar chomharthaí sóirt an ghalair a aithint go luath.

Grett O'Connor
Is maith is eol d'Anne O'Connell ó Chionn tSáile cé chomh dian is a bhíonn sé ar theaghlaigh nuair a thagann an galar seo ar dhaoine. Do bhuail néaltrú a máthair, Kathleen Crowley, timpeall deich mbliana ó shin. Bhí Anne ag tabhairt aire di ar feadh trí bliana go dtí go raibh cúram lánaimseartha de dhíth uirthi. Deir Anne go raibh an tréimhse sin scanrúil agus go raibh an t-ádh dearg léi go raibh tuiscint an-mhaith ag an dochtúir teaghlaigh a bhí acu, an Dr Tony Foley, ar néaltrú. Eisean a bhunaigh togra pobail i gCionn tSáile dhá bhliain ó shin chun tacú le daoine a bhí ag tabhairt aire dá ngaolta go raibh néaltrú orthu. Anois, tá maoiniú faighte chun clár trí bliana a chur ar bun anseo i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh, ag múineadh do dhochtúirí teaghlaigh agus d'fhoireann leighis eile conas is fearr tacú le hothair go bhfuil néaltrú ag teacht orthu.

Tá néaltrú ar fhear céile Sheila O'Rourke. Tá sé ina chónaí in ionad cúraim anois ach do thug sí féin aire dó ar feadh i bhfad.

Sheila O'Rourke, Cionn tSáile
Ní thuigeann daoine an galar seo in aon chor. Tá gá mór leis an sórt seo traenála.

An Dr Tony Foley, Stiúrthóir an Togra
Nuair a thagann an néaltrú ar dhuine, ní bhíonn a fhios ag na teaghlaigh cad is ceart a dhéanamh. Tá sé an-tábhachtach go rachaidís go dtí an dochtúir teaghlaigh. Níos déanaí i mbliana beidh ceardlanna traenála ar siúl ar fud na tíre do dhochtúirí teaghlaigh, d'altraí agus do theiripithe eile.

Grett O'Connor
Cuirfear an traenáil seo ar fáil mar chuid de straitéis náisiúnta néaltraithe an rialtais a seoladh roimh an Nollaig. Grett O'Connor, Nuacht TG4.